

ELeathanach279

Dé Luain 4 Nollaig 2017

Luamh caite ar chósta Chiarraí

I lár mhí an Mheithimh bhí rás luamh ann trasna an Atlantaigh; is bád seoil é luamh. Ar an aonú lá déag bhí na luaimh níos mó ná 600 ciliméadar amach ó chósta Thalamh an Éisc i gCeanada.

Ach tharla timpiste do luamh amháin agus bhí ar an gcaptaen Iodálach éirí as an rás agus imeacht ón luamh. Tháinig an garda cósta ó Thalamh an Éisc chun é a shábháil.

Sé mhí níos déanaí, an tseachtain seo caite, tháinig an luamh sin i dtír ag an gClochán i gContae Chiarraí. Tá an-áthas ar an seoltóir a chaill é, agus deir sé go dtiocfaidh sé go hÉirinn go luath chun a luamh a fháil ar ais.



Tá Talamh an Éisc i gCeanada.

Bricfeasta níos folláine feasta

Tá an comhlacht *Kellogg's* chun gearradh siar ar an méid siúcra a chuireann siad lena mbricfeastaí gránacha. Tá a lán siúcra iontu. Níl siúcra go maith don chorp ná do na fiacla.

Tá dochtúirí agus fiaclóirí na tíre an-sásta leis an nuacht sin. Tá E-leathanach ag déanamh iarrachta níos lú siúcra a ithe gach uile lál!



Meghan Markle agus an Prionsa Harry

Ar an 27ú lá de mhí na Samhna i Sasana, d'fhógair an Prionsa Harry go bhfuil sé le Meghan Markle a phósadh. Thosaigh siad ag siúl amach le chéile i mí Dheireadh Fómhair 2016.

Is aisteoir í Meghan agus is as Meiriceá í. Bhí sí ag aisteoireacht i ról "Rachel Zane" sa chlár teilifíse *Suits*. Ansin d'éirigh sí as an bpáirt mar bhog sí go Sasana. Beidh an lánúin ag pósadh i mí Bealtaine 2018.



Other Voices

Bhí an fhéile *Other Voices* ar siúl i nDaingean Uí Chúis thar an deireadh seachtaine. Bhí go leor ceoltóirí agus amhránaithe i gCiarraí don deireadh seachtaine.

Bhí ceolchoirmeacha beaga ar siúl ar fud an bhaile. Sheinn Colm Mac an Iomaire sa Díseart tráthnóna Domhnaigh. Bhí sé thar cionn agus bhí atmaisféar álainn sa séipéal.